C/2025/1134

13.2.2025

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás.11862 - PSS / MACCAFERRI / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2025/1134)

1. An 3 Feabhra 2025 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Prime Synthetic Solutions Ltd ('PSS', an Ríocht Aontaithe), atá faoi rialú comhpháirteach Teijin Limited (an tSeapáin) agus Miller Prime Ltd (an Ríocht Aontaithe),

— Officine Maccaferri SpA ('Maccaferri', an Iodáil), atá faoi rialú ciste atá á bhainistiú ag Ambienta Sgr SpA (an Iodáil).

Gheobhaidh PSS agus Maccaferri rialú comhpháirteach ar chomhfhiontar nuachruthaithe (an 'Comhfhiontar') de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna i gcuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is gníomhaire díolacháin é PSS le haghaidh Linear Composites, foghnóthas de chuid Maccaferri. Tá PSS faoi rialú comhpháirteach Miller Prime Ltd agus Teijin Limited, grúpa teicneolaíochta atá gníomhach san earnáil réitithe cúraim sláinte agus in earnáil na n-ábhar ardfheidhmíochta,

— Is soláthraí réiteach innealtóireachta comhshaoil é Maccaferri laistigh den mhargadh innealtóireachta sibhialta, geoiteicniúla agus tógála comhshaoil. Tá Maccaferri ina lánúinéir ar Linear Composites, gnóthas atá gníomhach sa Ríocht Aontaithe den chuid is mó agus a dhearann, a fhorbraíonn agus a mhonaraíonn táirgí ilchodacha polaiméirí ardfheidhmíochta, mar shampla táirgí téide sreinge ar nós táirgí Parafil agus Paraloop.

3. Déanfaidh an Comhfhiontar táirgí téide sreinge, go háirithe táirgí Parafil agus Paraloop, a fhorbairt, a sholáthar agus a mhonarú, táirgí a tháirgfear le snáithíní araimide. Is sa Ríocht Aontaithe a bheidh a áit tionscnaimh ag an gComhfhiontar.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11862 - PSS / MACCAFERRI / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË